C/2023/1588

21.12.2023

Reachtanna INFRAFRONTIER ERIC (An Cuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach (ERIC))

(C/2023/1588)

Clár na n-ábhar

Leathanach

CAIBIDIL 1 – GNÉITHE RIACHTANACHA 3

AIRTEAGAL 1 FOIRM DHLÍTHIÚIL AGUS AINM DLÍTHIÚIL 3

AIRTEAGAL 2 OIFIG CHLÁRAITHE AGUS SUÍOMH 3

AIRTEAGAL 3 CÚRAIMÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ 3

AIRTEAGAL 4 FAD TRÉIMHSE AGUS AN NÓS IMEACHTA MAIDIR LEIS AN BHFOIRCEANNADH 4

AIRTEAGAL 5 CÓRAS DLITEANAIS AGUS ÁRACHAS 4

AIRTEAGAL 6 BEARTAS ROCHTANA D'ÚSÁIDEOIRÍ 5

AIRTEAGAL 7 BEARTAS UM MEASTÓIREACHT EOLAÍOCH 5

AIRTEAGAL 8 BEARTAS UM SCAIPEADH 5

AIRTEAGAL 9 BEARTAS UM CHEARTA MAOINE INTLEACHTÚLA 5

AIRTEAGAL 10 BEARTAS FOSTAÍOCHTA 6

AIRTEAGAL 11 BEARTAS UM SHOLÁTHAR 6

CAIBIDIL 2 – BALLRAÍOCHT, BREATHNÓIRÍ, NÓID NÁISIÚNTA AGUS COMHPHÁIRTITHE STRAITÉISEACHA 6

AIRTEAGAL 12 COMHALTAS, EINTITEAS A DHÉANANN IONADAÍOCHT AGUS BREATHNÓIRÍ 6

AIRTEAGAL 13 AONTACHAS NA GCOMHALTAÍ NÓ NA MBREATHNÓIRÍ 6

AIRTEAGAL 14 TARRAINGT SIAR COMHALTA NÓ BREATHNÓRA/FOIRCEANNADH COMHALTAIS NÓ STÁDAIS BREATHNÓRA 7

AIRTEAGAL 15 CEARTA AGUS OIBLEAGÁIDÍ NA GCOMHALTAÍ 8

AIRTEAGAL 16 CEARTA AGUS OIBLEAGÁIDÍ NA MBREATHNÓIRÍ 9

AIRTEAGAL 17 NÓID NÁISIÚNTA 9

AIRTEAGAL 18 TRÍÚ PÁIRTITHE, COMHPHÁIRTITHE STRAITÉISEACHA 10

CAIBIDIL 3 – COMHLACHTAÍ, RIALACHAS AGUS FORGHNÍOMHÚ GNÍOMHAÍOCHTAÍ 10

AIRTEAGAL 19 COMHLACHTAÍ 10

AIRTEAGAL 20 TIONÓL NA GCOMHALTAÍ 10

AIRTEAGAL 21 STIÚRTHÓIRÍ BAINISTÍOCHTA 12

AIRTEAGAL 22 AN BORD UM NÓID NÁISIÚNTA 13

AIRTEAGAL 23 COISTÍ COMHAIRLEACHA EOLAÍOCHA AGUS EITICE 13

AIRTEAGAL 24 TUAIRISCIÚ DON CHOIMISIÚN 13

CAIBIDIL 4 – AIRGEADAS 13

AIRTEAGAL 25 ACMHAINNÍ, PRIONSABAIL BHUISÉADACHA, BUISÉAD AGUS CUNTAIS 13

CAIBIDIL 5 – CÁIN 14
AIRTEAGAL 26 DÍOLÚINE Ó CHÁIN AGUS Ó DHLEACHT MHÁIL 14
CAIBIDIL 6 – BEARTAIS EILE 15
AIRTEAGAL 27 BEARTAS UM SHONRAÍ 15
CAIBIDIL 7 – FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA 15
AIRTEAGAL 28 AN DLÍ IS INFHEIDHME 15
AIRTEAGAL 29 DÍOSPÓIDÍ 15
AIRTEAGAL 30 NUASHONRUITHE AR REACHTANNA AGUS INFHAIGHTEACHT REACHTANNA 16
AIRTEAGAL 31 FORÁLACHA MAIDIR LE BUNÚ 16
AIRTEAGAL 32 NITHE ILGHNÉITHEACHA 16
IARSCRÍBHINNÍ:
IARSCRÍBHINN 1: LIOSTA DE CHOMHALTAÍ, DE BHREATHNÓIRÍ AGUS DÁ nEINTITIS A bh FUIL IONADAÍOCHT Á DÉANAMH ACU INA LEITH 17
IARSCRÍBHINN 2: IARSCRÍBHINN AIRGEADAIS 18

Reachtanna

CAIBIDIL 1

Gnéithe Riachtanacha

Airteagal 1

Foirm dhlíthiúil agus ainm dlíthiúil

Bunófar Cuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach. Beidh foirm dhlíthiúil Cuibhreannais don Bhonneagar Taighde Eorpach (ERIC) ag an gCuibhreannas sin arna ionchorprú faoi fhoráil Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 1261/2013 (dá ngairfear 'Rialachán ERIC' anseo feasta) agus tabharfar 'INFRAFRONTIER ERIC' air.

Airteagal 2

Oifig chláraithe agus suíomh

Beidh suíomh reachtúil INFRAFRONTIER ERIC suite in München na Gearmáine; dá ngairtear 'an Stát Óstach' anseo feasta.

Airteagal 3

Cúraimí agus gníomhaíochtaí

(1) Is é príomhchúram INFRAFRONTIER ERIC bonneagar taighde dáilte, ar a dtabharfar 'Bonneagar Taighde INFRAFRONTIER', dá ngairfear 'INFRAFRONTIER RI' anseo feasta, a bhunú agus a oibriú. Is éard a bheidh in INFRAFRONTIER RI an Bonneagar Taighde Eorpach chun córais samhla *in vivo*/*in vitro* agus sonraí gaolmhara a ghiniúint, a fheinitíopáil, a chartlannú agus a dháileadh. Comhordóidh INFRAFRONTIER ERIC oibriú an INFRAFRONTIER RI dáilte.

(2) Comhordóidh INFRAFRONTIER ERIC rochtain ar sheirbhísí agus ar acmhainní chun taighde a dhéanamh ar an ngéinfheidhm sa tsláinte agus i ngalair, agus úsáid á baint as córais samhla *in vivo*/*in vitro* agus sonraí gaolmhara. Déanfaidh INFRAFRONTIER ERIC taighde, oiliúint agus cur i bhfeidhm a chur chun cinn i ngach réimse de ghiniúint, feinitíopáil, cartlannú agus dáileadh samhlacha galair.

(3) Chuige sin, déanfaidh INFRAFRONTIER ERIC an méid seo a leanas:

(a) Comhordú a dhéanamh ar rochtain ar na hacmhainní agus ar na seirbhísí arna soláthar ag Comhaltaí agus Breathnóirí INFRAFRONTIER ERIC nó ag aon Nód Náisiúnta a rinne comhaontú ceangailteach ó thaobh dlí de le INFRAFRONTIER ERIC chun cur le hacmhainní agus le seirbhísí INFRAFRONTIER RI;

(b) Nósanna imeachta um rochtain a bhunú agus a imscaradh ar acmhainní agus ar sheirbhísí INFRAFRONTIER RI atá i gcomhréir leis na caighdeáin Eorpacha ar leith;

(c) Caighdeáin cháilíochta agus nósanna imeachta oibríochta caighdeánacha a shocrú agus a ghlacadh chun córais samhla *in vivo*/*in vitro* agus sonraí gaolmhara a ghiniúint, a fheinitíopáil, a chartlannú agus a dháileadh agus chun bainistiú sonraí a dhéanamh orthu;

(d) Forbairt teicneolaíochtaí nua a chur chun cinn agus a chomhordú chun córais samhla *in vivo*/*in vitro* agus sonraí gaolmhara a ghiniúint, a fheinitíopáil, a chartlannú agus a dháileadh agus chun bainistiú sonraí a dhéanamh orthu chun feabhas a chur ar luach eolaíoch acmhainní agus sheirbhísí INFRAFRONTIER RI;

(e) Freastal mar phointe teagmhála do pháirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta INFRAFRONTIER RI;

(f) Acmhainní agus seirbhísí INFRAFRONTIER RI a chur chun cinn agus a phoibliú agus gnéithe rialála agus beartais a bhaineann le córais samhla *in vivo*/*in vitro* agus sonraí gaolmhara a ghiniúint, a fheinitíopáil, a chartlannú agus a dháileadh agus bainistiú sonraí a dhéanamh orthu;

(g) Acmhainní a fháil ó fhoinsí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun gníomhaíochtaí INFRAFRONTIER RI a éascú;

(h) Dul i gcomhairle le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhíonn ag oibriú sa réimse ina ndéantar córais samhla *in vivo*/*in vitro* a ghiniúint, a fheinitíopáil, a chartlannú agus a dháileadh agus comhairle a chur ar na heagraíochtaí sin;

(i) Faisnéis a chur ar fáil gan bhac faoi ghníomhaíochtaí INFRAFRONTIER ERIC agus INFRAFRONTIER RI; agus

(j) Aon ghníomhaíocht eile a dhéanamh is gá chun cúraimí INFRAFRONTIER ERIC a bhaint amach.

(4) Saothróidh INFRAFRONTIER ERIC a phríomhchúram go heisiach agus go díreach ar bhonn neamhbhrabúis agus gníomhóidh sé go soilíosach agus go príomha ar bhonn neamheacnamaíoch. Gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair, féadfaidh INFRAFRONTIER ERIC gníomhaíochtaí eacnamaíocha teoranta a dhéanamh, ar choinníoll go bhfuil dlúthbhaint acu lena phríomhchúram agus nach gcuireann siad baint amach an phríomhchúraim sin i mbaol.

Airteagal 4

Fad tréimhse agus an nós imeachta maidir leis an bhfoirceannadh

(1) Beidh INFRAFRONTIER ERIC ann go ceann tréimhse ama éiginnte.

(2) Is é Tionól na gComhaltaí a chinnfidh foirceannadh INFRAFRONTIER ERIC trí vótáil d'aon toil. Má chinneann Tionól na gComhaltaí foirceannadh a dhéanamh ar INFRAFRONTIER ERIC, tionscnóidh sé, trí vótáil trí thromlach simplí, an nós imeachta um fhoirceannadh a chur ar bun.

(3) Tabharfar fógra don Choimisiún Eorpach gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de 10 (deich) lá féilire tar éis ghlacadh an chinnidh INFRAFRONTIER ERIC a fhoirceannadh.

(4) Ar INFRAFRONTIER ERIC a dhíscaoileadh, nó i gcás nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag na críocha faoi phribhléid cánach a leagtar amach sna Reachtanna seo, déanfar sócmhainní INFRAFRONTIER ERIC a sháraíonn na ranníocaíochtaí airgid thirim agus luach iarbhír na ranníocaíochtaí comhchineáil a aistriú chuig eintiteas dlíthiúil poiblí eile nó chuig corparáid eile atá faoi phribhléid cánach, nó chuig eintiteas dlíthiúil eile a shaothraíonn cuspóirí atá comhchosúil le cuspóirí INFRAFRONTIER ERIC chun eolaíocht agus taighde a chur chun cinn.

(5) I gcás foirceanta, áiritheoidh INFRAFRONTIER ERIC, a mhéid is féidir, go ndéanfar na sonraí atá faoi úinéireacht INFRAFRONTIER ERIC a thaisceadh go sábháilte ionas go bhfanfaidh na sonraí sin inrochtana agus inúsáidte i gcomhréir le hAirteagal 6 de na Reachtanna seo agus i gcomhréir chomh maith leis an mBeartas Sonraí agus/nó leis an mBeartas Rochtana, de réir mar is infheidhme.

(6) Tabharfar fógra don Choimisiún Eorpach laistigh de 10 (deich) lá féilire ón nós imeachta um fhoirceannadh a dhúnadh. Tiocfaidh deireadh le INFRAFRONTIER ERIC an lá a fhoilseoidh an Coimisiún Eorpach an fógra iomchuí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 5

Córas dliteanais agus árachas

(1) Beidh INFRAFRONTIER ERIC faoi dhliteanas i leith a chuid fiach.

(2) Níl na Comhaltaí faoi dhliteanas comhpháirteach ná leithleach i leith fhiacha INFRAFRONTIER ERIC.

(3) Beidh dliteanas airgeadais na gComhaltaí i leith fhiacha INFRAFRONTIER ERIC teoranta dá ranníocaíocht bhliantúil ar leith arna ríomh de réir na bprionsabal airgeadais a shainítear in Airteagal 25 (2) de na Reachtanna agus de réir an mhodha ríofa a shainítear in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis na Reachtanna seo.

(4) Beidh árachas iomchuí ag INFRAFRONTIER ERIC chun na rioscaí atá sonrach do bhunú agus d'oibriú INFRAFRONTIER ERIC a chumhdach.

Airteagal 6

Beartas Rochtana d'úsáideoirí

(1) Is í an rochtain oscailte an treoirphrionsabal maidir le hacmhainní agus seirbhísí a sholáthar.

(2) Tabharfar rochtain de réir Bheartas Rochtana INFRAFRONTIER ERIC. Urramófar coinníollacha arna leagan síos ag soláthraithe samplacha agus sonraí do INFRAFRONTIER ERIC agus prionsabail Eorpacha aitheanta maidir le rochtain ar bhonneagair thaighde. Ní thuigfear le haon fhoráil sna Reachtanna seo go bhfuiltear ag iarraidh srian a chur ar cheart úinéirí acmhainní INFRAFRONTIER cinneadh a dhéanamh maidir le rochtain a thabhairt ar aon sampla nó ar aon sonraí.

(3) Féachfaidh INFRAFRONTIER ERIC lena áirithiú go n-aithneofar foinse na samplaí agus na sonraí go hiomchuí agus iarrfaidh sé go gcoinneofar an sannadh sin ar bun in úsáid na samplaí agus na sonraí ina dhiaidh sin.

Airteagal 7

Beartas um Meastóireacht Eolaíoch

(1) Beidh an mheastóireacht straitéiseach rialta ar INFRAFRONTIER ERIC, lena n-áirítear gnéithe eolaíocha agus eiticiúla, mar chúram ar choiste seachtrach neamhspleách *ad hoc*.

(2) Tionscnóidh Tionól na gComhaltaí na meastóireachtaí sin uair amháin gach 5 bliana ar a laghad. Ainmneoidh Tionól na gComhaltaí comhaltaí an choiste sheachtraigh neamhspleách sin agus, más iomchuí, tabharfaidh sé treoracha sonracha. Sonrófar sonraí maidir leis an ainmniúchán agus leis an oibríocht sna Rialacha Nós Imeachta.

(3) Tá comhaltaí an choiste sheachtraigh neamhspleách ag gníomhú faoi theideal pearsanta.

Airteagal 8

Beartas um Scaipeadh

(1) Cuirfidh INFRAFRONTIER ERIC úsáid INFRAFRONTIER RI chun cinn sa taighde agus san oideachas.

(2) Cuirfidh INFRAFRONTIER ERIC taighde ar ardchaighdeán chun cinn agus tacóidh sé le cultúr 'dea-chleachtais' trí ghníomhaíochtaí scaipthe.

(3) Spreagfaidh INFRAFRONTIER ERIC taighdeoirí go ginearálta chun a dtorthaí taighde a chur ar fáil go poiblí agus iarrfaidh sé ar úsáideoirí acmhainní agus sheirbhísí INFRAFRONTIER RI na torthaí a chur ar fáil trí INFRAFRONTIER ERIC.

(4) Sainaithneoidh INFRAFRONTIER ERIC na spriocghrúpaí éagsúla agus úsáidfidh sé roinnt bealaí chun teagmháil a dhéanamh leis an spriocphobal, amhail tairseacha gréasáin, nuachtlitreacha, ceardlanna, a bheith i láthair ag comhdhálacha agus ailt in irisí agus nuachtáin laethúla.

Airteagal 9

Beartas um Chearta Maoine Intleachtúla

(1) De réir chuspóirí na Reachtanna reatha seo tuigfear an téarma 'Maoin Intleachtúil' de réir Airteagal 2 den Choinbhinsiún lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil a síníodh an 14 Iúil 1967.

(2) Is le INFRAFRONTIER ERIC cearta maoine intleachtúla na dtorthaí arna gcruthú ag fostaithe INFRAFRONTIER ERIC agus déanfaidh na Stiúrthóirí Bainistíochta iad a bhainistiú.

(3) Beidh úsáid agus bailiú shonraí INFRAFRONTIER ERIC faoi réir na ndlíthe Eorpacha agus náisiúnta maidir le príobháideacht sonraí.

(4) Déanfar idirbheartaíocht maidir leis na cearta maoine intleachtúla a ghineann úsáideoirí mar thoradh ar rochtain ar acmhainní INFRAFRONTIER ERIC, lena ndíreofar ar úsáid chothrom ag an úsáideoir chomh maith le INFRAFRONTIER ERIC agus/nó ag an Nód Náisiúnta lena mbaineann, agus a n-ionchur féin á chur san áireamh.

(5) Glacfar Beartas um Chearta Maoine Intleachtúla i gcomhréir le hAirteagal 20 (11) (i) de na Reachtanna seo agus beidh rialacháin bhreise ann maidir le cearta maoine intleachtúla.

Airteagal 10

Beartas Fostaíochta

(1) Tá INFRAFRONTIER ERIC tiomanta do thrédhearcacht agus do chomhionannas deiseanna agus ní dhéanfaidh sé idirdhealú in aghaidh aon duine ar fhoras an chine, an bhunaidh eitnigh, na hinscne, an chreidimh, an mhíchumais nó an treoshuímh ghnéasaigh ná ar aon fhoras eile a mheastar mar idirdhealú faoi dhlí an Aontais Eorpaigh.

(2) Tá earcú foirne go hiomlán oscailte agus idirnáisiúnta.

Airteagal 11

Beartas um Sholáthar

(1) Caithfidh INFRAFRONTIER ERIC le hiarrthóirí agus le tairiscintí ar bhonn cothrom agus ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, neamhspleách ar cé acu atá siad bunaithe san Aontas nó nach bhfuil.

(2) Le beartas INFRAFRONTIER ERIC um sholáthar urramófar prionsabail na trédhearcachta, an neamh-idirdhealaithe agus na hiomaíochta.

CAIBIDIL 2

Ballraíocht, Breathnóirí, Nóid Náisiúnta agus Comhpháirtithe Straitéiseacha

Airteagal 12

Comhaltas, eintiteas a dhéanann ionadaíocht agus Breathnóirí

(1) I gcomhréir le hAirteagal 9 (1) de Rialachán ERIC, féadfaidh Ballstáit den Aontas, tíortha comhlachaithe, tríú tíortha seachas tíortha comhlachaithe agus eagraíochtaí idir-rialtasacha a bheith ina gComhaltaí de INFRAFRONTIER ERIC.

(2) Eintitis a liostaítear in Airteagal 12 (1) atá toilteanach rannchuidiú le INFRAFRONTIER ERIC, ach nach bhfuil fós in ann a bheith ina gComhaltaí, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar stádas Breathnóra.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 9 (4) de Rialachán ERIC, féadfaidh suas le trí eintiteas phoiblí ionadaíocht a dhéanamh ar aon Chomhalta nó ar aon Bhreathnóir, lena n-áirítear réigiúin nó eintitis phríobháideacha a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, a mhéid a bhaineann le feidhmiú ceart sonraithe agus comhlíonadh oibleagáidí sonraithe mar Chomhalta de INFRAFRONTIER ERIC. Cuirfidh gach Comhalta nó gach Breathnóir Cathaoirleach Thionól na gComhaltaí ar an eolas faoi aon athrú ar a eintiteas/eintitis a bhfuil ionadaíocht á déanamh aige/acu ina leith.

(4) Liostaítear na Comhaltaí agus na Breathnóirí agus, i gcás inarb iomchuí, a n-eintitis a bhfuil ionadaíocht á déanamh acu ina leith in Iarscríbhinn 1. Coinneoidh Cathaoirleach Thionól na gComhaltaí an Iarscríbhinn seo cothrom le dáta le cabhair ó na Stiúrthóirí Bainistíochta.

Airteagal 13

Aontachas na gComhaltaí nó na mBreathnóirí

(1) Seo a leanas a bheidh i dtéarmaí aontachais na gComhaltaí:

(a) Beidh gá ag aontachas na gComhaltaí le formheas ó Thionól na gComhaltaí;

(b) Cuirfidh iarratasóirí iarratas i scríbhinn faoi bhráid Chathaoirleach Thionól na gComhaltaí;

(c) Tabharfar tuairisc san iarratas ar an gcaoi a rannchuideoidh an t-iarratasóir le cuspóirí agus gníomhaíochtaí INFRAFRONTIER ERIC a dtugtar tuairisc orthu in Airteagal 3 (3) agus ar an gcaoi a gcomhlíonfaidh sé na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 15.

(2) Ní mór d'iarratasóir, go háirithe, a léiriú, chun sástacht Thionól na gComhaltaí agus arna fhíorú trí mhodh leordhóthanach dearbhaithe cáilíochta, gurb acmhainn dó agus go bhfuil an tiomantas leanúnach aige chun:

(a) Rannchuidiú le hacmhainní agus le seirbhísí INFRAFRONTIER RI sa réimse ina ndéantar samhlacha galair a ghiniúint, a fheinitíopáil, a chartlannú agus a dháileadh;

(b) Cloí leis na caighdeáin cáilíochta eolaíche agus leis na nósanna imeachta caighdeánacha oibríochta arna socrú ag INFRAFRONTIER ERIC;

(c) Ranníocaíochtaí airgeadais bliantúla a dhéanamh le buiséid bhliantúla chomhardaithe INFRAFRONTIER ERIC;

(d) Cloí leis na Reachtanna reatha.

(3) Is iad seo a leanas na téarmaí maidir le ligean isteach Breathnóirí:

(a) Ligfear Breathnóirí isteach ar feadh tréimhse 3 bliana ar féidir síneadh suas le 3 bliana a chur léi uair amháin;

(b) Cuirfidh iarratasóirí iarratas i scríbhinn faoi bhráid Chathaoirleach Thionól na gComhaltaí agus na Stiúrthóirí Bainistíochta;

(c) Tabharfar tuairisc san iarratas ar an gcaoi a rannchuideoidh an t-iarratasóir le cuspóirí agus gníomhaíochtaí INFRAFRONTIER ERIC a thuairiscítear in Airteagal 3 (3) agus ar an gcaoi a gcomhlíonfaidh sé na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 16.

(4) Ceapfaidh gach Breathnóir a ionadaí nó a ionadaithe de réir Airteagal 20 (1) de na Reachtanna seo i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha agus cuirfidh sé an ceapachán sin in iúl i scríbhinn do Thionól na gComhaltaí agus do na Stiúrthóirí Bainistíochta.

Airteagal 14

Tarraingt siar Comhalta nó Breathnóra/Foirceannadh comhaltais nó stádais breathnóra

(1) Ní fhéadfaidh aon Chomhalta tarraingt siar laistigh de na chéad 5 bliana ó bhunú INFRAFRONTIER ERIC. Bliain ghiorraithe a bheidh sa 1ú bliain dar tús an dáta a ngabhfaidh éifeacht leis an gcinneadh ón gCoimisiún INFRAFRONTIER ERIC a bhunú.

(2) Tar éis na chéad 5 (cúig) bliana de bhunú INFRAFRONTIER ERIC féadfaidh Comhalta tarraingt siar ag deireadh bliana airgeadais, tar éis dó iarraidh a chur isteach 12 (dhá mhí dhéag) roimh an tarraingt siar.

(3) Féadfaidh breathnóirí tarraingt siar ag deireadh bliana airgeadais, tar éis dóibh iarraidh a chur isteach 6 (sé) mhí roimh an tarraingt siar.

(4) Comhlíonfaidh Comhaltaí agus Breathnóirí oibleagáidí airgeadais agus oibleagáidí eile sula dtiocfaidh a n-aistarraingt in éifeacht.

(5) Tar éis dó a tharraingt siar a iarraidh, ní bheidh aon cheart vótála ag Comhalta i dTionól na gComhaltaí sa mhéid nach ndéanfaidh na cinntí atá beartaithe aon difear go díreach don Chomhalta lena mbaineann.

(6) Féadfaidh Tionól na gComhaltaí comhaltas Comhalta nó stádas breathnóra Breathnóra a fhoirceannadh d'aon toil má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) Rinne an Comhalta nó an Breathnóir sárú tromchúiseach ar cheann amháin nó níos mó dá oibleagáidí faoi na Reachtanna seo;

(b) Níor éirigh leis an gComhalta nó leis an mBreathnóir sárú den sórt sin a leigheas laistigh de thréimhse 6 (sé) mhí ó thug Tionól na gComhaltaí fógra dó faoin sárú sonrach;

(c) Éisteadh leis an gComhalta nó leis an mBreathnóir roimh aon chinneadh foirceanta.

Ní vótálfaidh an Comhalta ná an Breathnóir, ach tabharfar deis dó an cinneadh foirceanta a chonspóid agus a chosaint a chur faoi bhráid Thionól na gComhaltaí.

(7) D'ainneoin Airteagal 14 (5), féadfaidh Tionól na gComhaltaí a chinneadh freisin, trí vótáil d'aon toil, sna cúinsí a leagtar amach faoi Airteagal 14 (5), gan comhaltas Comhalta a fhoirceannadh, ach go gcuirfear ceart vótála Comhalta ar fionraí nó go dtarraingeofar siar é ar feadh tréimhse áirithe. Féadfaidh Tionól na gComhaltaí, trí bhíthin vóta d'aon toil ó na Comhaltaí eile, cearta vótála Comhalta a chur i bhfeidhm arís tráth ar bith má tá aon sárú a leagtar amach faoi Airteagal 14 (5) leigheasta ag an gComhalta sin chun sástacht Thionól na gComhaltaí.

(8) Cuirfear ceart vótála Comhalta ar fionraí go huathoibríoch mura gcomhlíontar a oibleagáidí airgeadais mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 2 in am trátha.

(9) Ní bheidh ag Comhaltaí nó Breathnóirí a tharraingeoidh siar nó a bhfoirceannfar a gcomhaltas nó a stádas breathnóra an ceart chun aisig nó chun aisíocaíochta ar aon ranníocaíocht a rinneadh, ná an ceart chun aon éileamh a dhéanamh ar shócmhainní INFRAFRONTIER ERIC.

Airteagal 15

Cearta agus oibleagáidí na gComhaltaí

(1) Áireofar le cearta na gComhaltaí:

(a) Freastal a dhéanamh ar Thionól na gComhaltaí agus vóta a chaitheamh ann;

(b) A bheith rannpháirteach i bhforbairt straitéisí agus bheartais INFRAFRONTIER ERIC;

(c) A phobal taighde a bheith rannpháirteach in imeachtaí INFRAFRONTIER ERIC, amhail ceardlanna, comhdhálacha agus cúrsaí oiliúna;

(d) Branda INFRAFRONTIER ERIC a úsáid;

(e) A bheith rannpháirteach i dtograí tionscadail an Aontais Eorpaigh i gcás ina ngníomhaíonn INFRAFRONTIER ERIC mar an gcuibhreannas a dhéanfaidh an tíolacadh;

(2) Déanfaidh gach Comhalta an méid seo a leanas:

(a) An ranníocaíocht airgeadais bhliantúil a íoc mar a shonraítear i mbuiséid airgeadais bhliantúla ar leith a d'fhormheas Tionól na gComhaltaí;

(b) A ionadaí nó a ionadaithe a chumhachtú leis an údarás iomlán le vóta a chaitheamh ar na saincheisteanna uile a tharraingeofar anuas le linn Thionól na gComhaltaí agus a fhoilseofar sa chlár oibre;

(c) An bonneagar teicniúil is gá a sholáthar agus a chothabháil chun rochtain ar INFRAFRONTIER RI a cheadú;

(d) Glacadh agus cothabháil chaighdeáin cháilíochta agus nósanna imeachta caighdeánacha oibríochta INFRAFRONTIER ERIC a chur chun cinn ina mbonneagair náisiúnta rannchuiditheacha taighde;

(e) Glacadh acmhainní agus sheirbhísí INFRAFRONTIER RI a chur chun cinn i measc taighdeoirí;

(f) I gcás inarb iomchuí, infheistíochtaí a dhéanamh ina mbonneagar náisiúnta chun tacú le INFRAFRONTIER ERIC.

(3) Féadfaidh Comhaltaí ranníocaíochtaí seachas an ranníocaíocht airgeadais bhliantúil le INFRAFRONTIER ERIC a sholáthar ina n-aonar nó i gcomhar le Comhaltaí, Breathnóirí nó tríú páirtithe eile.

Airteagal 16

Cearta agus Oibleagáidí na mBreathnóirí

(1) Áireofar le cearta na mBreathnóirí:

(a) Freastal a dhéanamh ar Thionól na gComhaltaí gan vóta a bheith acu;

(b) A phobal taighde a bheith rannpháirteach in imeachtaí INFRAFRONTIER ERIC, amhail ceardlanna, comhdhálacha, cúrsaí oiliúna; má bhíonn an spás ann chuige;

(c) A phobal taighde a bheith in ann rochtain a fháil ar thacaíocht ó INFRAFRONTIER ERIC maidir le córais, próisis agus seirbhísí ábhartha a fhorbairt.

(2) Déanfaidh gach Breathnóir a rannchuidiú le cúraimí agus le gníomhaíochtaí INFRAFRONTIER ERIC mar a leagtar amach in Airteagal 3 (3). Déanfaidh gach Breathnóir íocaíocht bhliantúil mar a shonraítear in Airteagal 25 (2) thíos. Déanfaidh INFRAFRONTIER ERIC comhaontú breathnóra leis an mBreathnóir d'fhonn na téarmaí agus na coinníollacha a bhunú faoina gcomhlíonfar na hoibleagáidí agus faoina bhféadfar cearta na mBreathnóirí a fheidhmiú.

Airteagal 17

Nóid Náisiúnta

(1) Chun a ról mar Bhonneagar Taighde Eorpach dáilte a chomhlíonadh, comhoibreoidh INFRAFRONTIER ERIC le Nóid Náisiúnta a Chomhaltaí i gcomhréir le hAirteagal 12 (1). Beidh na comhoibrithe sin bunaithe ar chomhaontuithe atá ceangailteach ó thaobh dlí de arna dtabhairt i gcrích idir INFRAFRONTIER ERIC agus an Nód Náisiúnta ar leith. Ar na comhaontuithe sin áireofar forálacha maidir le cumais, nósanna imeachta um rochtain agus dearbhú cáilíochta.

(2) Nóid Náisiúnta INFRAFRONTIER ERIC

(a) Beidh sé comhdhéanta d'eintitis a bhfuil sé de chumas acu acmhainní agus seirbhísí a sholáthar chun samhlacha galair a ghiniúint, a fheinitíopáil, a chartlannú agus a dháileadh. Féadfar a áireamh leis sin acmhainní bithfhaisnéisíochta a sholáthar chun sonraí a bhaineann le giniúint, feinitíopáil, cartlannú agus dáileadh samhlacha galair a bhainistiú agus a anailísiú agus rochtain orthu a sholáthar;

(b) Cloífidh siad leis na caighdeáin cháilíochta agus leis na nósanna imeachta oibríochta arna leagan amach ag INFRAFRONTIER ERIC.

(3) Beidh ionadaíocht ag gach Nód Náisiúnta ar an mBord um Nóid Náisiúnta arna bhunú ag Tionól na gComhaltaí i gcomhréir le hAirteagal 19 (3) agus le hAirteagal 20 (11) (j).

(4) Chun an Bord um Nóid Náisiúnta a bhunú, féadfaidh gach Comhalta a Nód Náisiúnta a ainmniú lena fhormheas ag Tionól na gComhaltaí.

(5) Ainmníonn Comhalta nua de chuid INFRAFRONTIER ERIC a Nód Náisiúnta. Déanfaidh na Stiúrthóirí Bainistíochta, in éineacht leis an mBord um Nóid Náisiúnta, a mheas, agus, de réir an cháis, fíoróidh siad le cabhair ó chuairteanna ar láithreáin an gcomhlíonann Nód Náisiúnta ainmnithe na critéir eolaíocha chun bheith ina Nód Náisiúnta de chuid INFRAFRONTIER ERIC. Is é Tionól na gComhaltaí a dhéanann cinneadh maidir le Nód Náisiúnta ainmnithe a bhfuil measúnú dearfach déanta air a ghlacadh.

(6) Mura gcomhaontóidh Tionól na gComhaltaí a mhalairt, ní bheidh ann ach Nód Náisiúnta amháin in aghaidh an Bhallstáit den Aontas, na tíre comhlachaithe, an tríú tír nach tír chomhlachaithe í agus na heagraíochta idir-rialtasaí.

(7) Féadfaidh comhalta de Thionól na gComhaltaí, den Bhord um Nóid Náisiúnta nó de na Stiúrthóirí Bainistíochta aon Nód Náisiúnta eile atá suite i mBallstát den Aontas Eorpaigh, i dtír chomhlachaithe, i dtríú tír nach tír chomhlachaithe í agus in eagraíocht idir-rialtasach a mholadh. Vótálfaidh Tionól na gComhaltaí lena ghlacadh. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 17 (5) abairtí 2 agus 3.

(8) Le measóireacht rialta arna tionscnamh ag na Stiúrthóirí Bainistíochta nó ag Tionól na gComhaltaí agus arna cur chun feidhme ag an gCoiste Comhairleach Eolaíoch, áiritheofar go leanfaidh gach Nód Náisiúnta de na critéir a chomhlíonadh maidir le bheith ina Nód Náisiúnta de chuid INFRAFRONTIER ERIC.

(9) I gcás ina n-ionadaítear Nód Náisiúnta, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 17 (5) abairtí 2 agus 3.

Airteagal 18

Tríú Páirtithe, Comhpháirtithe Straitéiseacha

(1) I gcásanna ina measann INFRAFRONTIER ERIC go mbeadh sé tairbhiúil, féadfaidh sé comhaontú a dhéanamh le haon duine fisiceach nó dlítheanach. Sonrófar sa chomhaontú sin cearta agus oibleagáidí uile na bpáirtithe.

(2) Féadfaidh tríú páirtithe, e.g. gníomhaireachtaí náisiúnta agus/nó institiúidí náisiúnta, atá toilteanach rannchuidiú le misean INFRAFRONTIER RI ar pheirspictíocht fhadtéarmach, ach nach bhfuil in ann a bheith ina gComhaltaí agus/nó ina mBreathnóirí, a spéis a chur in iúl do Chathaoirleach Thionól na gComhaltaí agus do na Stiúrthóirí Bainistíochta chun comhaontú a thabhairt i gcrích maidir le stádas comhpháirtíochta straitéisí. Saineofar téarmaí na comhpháirtíochta straitéisí i gcomhaontú comhpháirtíochta straitéisí sonrach. Maidir le tríú páirtithe a bhfuil comhaontú comhpháirtíochta straitéisí den sórt sin tugtha i gcrích acu le INFRAFRONTIE ERIC, tugtar 'Comhpháirtithe Straitéiseacha' orthu sa mhéid a leanas.

CAIBIDIL 3

Comhlachtaí, Rialachas agus Forghníomhú Gníomhaíochtaí

Airteagal 19

Comhlachtaí

(1) Is iad seo a leanas comhlachtaí rialachais INFRAFRONTIER ERIC

(a) Tionól na gComhaltaí

(b) na Stiúrthóirí Bainistíochta;

(2) Bunóidh Tionól na gComhaltaí Coiste Comhairleach Eolaíoch chomh maith le Coiste Comhairleach Eiticiúil, ar a mbeidh eolaithe a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu agus nach bhfuil baint acu le INFRAFRONTIER ERIC.

(3) Bunóidh Tionól na gComhaltaí Bord um Nóid Náisiúnta de réir Airteagal 17. Rachfar i gcomhairle leis an mBord um Nóid Náisiúnta agus clár oibre eolaíoch bliantúil INFRAFRONTIER ERIC á shocrú.

(4) Féadfaidh Tionól na gComhaltaí comhlachtaí comhairleacha eile a bhunú.

(5) Tacóidh Oifig Bainistíochta INFRAFRONTIER ERIC le hobair Thionól na gComhaltaí agus tá na Stiúrthóirí Bainistíochta i gceannas uirthi. Tacaíonn an Oifig Bainistíochta leis na Stiúrthóirí Bainistíochta cinntí Thionól na gComhaltaí a chur chun feidhme agus cuidíonn sí le hobair chomhlachtaí rialachais agus comhairleacha INFRAFRONTIER ERIC a eagrú, a chomhordú agus a ullmhú agus obair leantach a dhéanamh ina leith.

Airteagal 20

Tionól na gComhaltaí

(1) Is é tionól na gComhaltaí an comhlacht rialaithe is airde agus an comhlacht rialaithe deiridh de chuid INFRAFRONTIER ERIC a bhfuil cumhachtaí cinnteoireachta iomlána aige. Mar a shonraítear in Airteagal 9 (3) de Rialachán ERIC, beidh tromlach na gceart vótála i dtionól na gcomhaltaí ag na Ballstáit nó ag na tíortha comhlachaithe go comhpháirteach. Cuirfidh Tionól na gComhaltaí san áireamh seasaimh an Choiste Chomhairligh Eitice. Ar an Tionól beidh ionadaithe Chomhaltaí agus Bhreathnóirí INFRAFRONTIER ERIC. Beidh vóta amháin ag gach Comhalta. Ceapfar suas le beirt daoine nádúrtha mar ionadaithe ar gach Comhalta/Breathnóir i dTionól na gComhaltaí. I dtoscaireacht beirt

ionadaithe, ba cheart saineolas eolaíoch a bheith ag duine amháin agus saineolas riaracháin ag an duine eile. Cinntíonn gach Comhalta nach bhfuil ainmniúchán a ionadaithe ina chúis le coinbhleachtaí leasa idir Tionól na gComhaltaí agus an Bord um Nóid Náisiúnta. Cuirfear an ceapachán sin in iúl i scríbhinn do Chathaoirleach Thionól na gComhaltaí.

(2) Comhdhéanfar Tionól na gComhaltaí tríd an gcéad chruinniú de na Comhaltaí tar éis bhunú INFRAFRONTIER ERIC.

(3) Toghfaidh Tionól na gComhaltaí Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach as toscaireachtaí na gComhaltaí ar feadh tréimhse 3 (trí) bliana. Arna dtoghadh beidh an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach ina *supra partes* agus fágfaidh siad a dtoscaireachtaí. Gabhfaidh an Leas-Chathaoirleach ionad an Chathaoirligh nuair a bheidh sé as láthair agus i gcás ina mbeidh coinbhleacht leasa ann. Toghfar an Cathaoirleach ar feadh téarma 3 (trí) bliana, a bheidh inathnuaite uair amháin seachas i gcásanna eisceachtúla a chomhaontóidh Tionól na gComhaltaí.

(4) Is é an Cathaoirleach a dhéanfaidh Tionól na gComhaltaí a thionól agus beidh fógra 8 (ocht) seachtaine ar a laghad ag gabháil leis, agus scaipfear an clár oibre, lena n-áirítear doiciméid na gcruinnithe, 2 (dhá) sheachtain ar a laghad roimh an gcruinniú. Ceadófar cuireadh agus scaipeadh an chláir oibre trí mhodhanna leictreonacha, amhail r-phost; áiritheofar go ndíreofar na doiciméid ar ionadaithe na gComhaltaí agus na mBreathnóirí.

(5) Tiocfaidh Tionól na gComhaltaí le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad, agus beidh sé freagrach i gcomhréir le forálacha na Reachtanna seo as treoir fhoriomlán INFRAFRONTIER ERIC agus maoirseacht fhoriomlán air. Beifear in ann freastal ar chruinnithe go cianda, lena n-áirítear físchomhdhálacha agus aon mhodh leictreonach comhaontaithe eile. Féadfaidh 50 (caoga) % ar a laghad de na Comhaltaí nó de na Stiúrthóirí Bainistíochta cruinniú urghnách de Thionól na gComhaltaí a iarraidh má tá gá leis ar mhaithe le INFRAFRONTIER ERIC.

(6) Féadfaidh Tionól na gComhaltaí cuireadh a thabhairt do Chomhpháirtithe Straitéiseacha a bheith páirteach i gcruinnithe, nó i gcuid de chruinniú, de Thionól na gComhaltaí ina bpléifear pointí a bhaineann leis na Comhpháirtithe Straitéiseacha.

(7) Freastalóidh Stiúrthóirí Bainistíochta INFRAFRONTIER ERIC de ghnáth ar chruinnithe Thionól na gComhaltaí.

(8) Cinnfidh Tionól na gComhaltaí aon ábhar is gá chun cuspóirí INFRAFRONTIER ERIC a chomhlíonadh ar ábhair iad nár sannadh go sainráite do chomhlacht rialachais eile ná do chomhlacht eile.

(9) Déanfaidh Tionól na gComhaltaí a dhícheall cinntí a ghlacadh de chomhthoil, agus mura mbeidh comhthoil ann beidh tromlach simplí de na vótaí arna gcaitheamh ag teastáil chun cinntí a ghlacadh mura bhforáiltear a mhalairt.

(10) Déanfar na cinntí seo a leanas d'aon toil:

(a) Aontachas Comhaltaí nua agus foirceannadh Comhaltais;

(b) Tograí le haghaidh leasuithe ar Reachtanna INFRAFRONTIER ERIC agus fógra ábhartha an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh formheasa/agóide i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán ERIC;

(c) Cumaisc agus rannáin nó seach-chuideachtaí de chuid INFRAFRONTIER ERIC;

(d) Méid foriomlán ranníocaíocht sheasta na gComhaltaí agus na mBreathnóirí a fhormheas le haghaidh na dtréimhsí 5 bliana tar éis na tréimhse tosaigh 5 bliana.

(e) Formheas an bhuiséid airgeadais bhliantúil (cf. Airteagal 25 (6)) má áirítear leis ranníocaíocht athraitheach ó na Comhaltaí le haghaidh na bliana airgeadais ar leith;

(f) Modhnuithe ar an mbuiséad airgeadais bliantúil le linn na bliana airgeadais lena mbaineann, ar modhnuithe iad a mhéadóidh ranníocaíocht airgeadais na gComhaltaí;

(g) Foirceannadh INFRAFRONTIER ERIC.

(11) Déanfar na cinntí seo a leanas trí thromlach cáilithe de 2/3 de na vótaí a caitheadh:

(a) Ceapadh agus dífhostú na Stiúrthóirí Bainistíochta chomh maith le líon na Stiúrthóirí Bainistíochta a athrú.

(b) Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach a thoghadh i gcomhréir leis an Airteagal seo 20 (3);

(c) Doiciméid bhreise, fodhoiciméid agus doiciméid inmheánacha a ghabhann leis na Reachtanna seo a fhormheas, ar doiciméid iad a léiríonn sraith chuimsitheach forálacha lena rialaítear gach oibríocht laistigh de INFRAFRONTER ERIC, lena n-áirítear rialacha nós imeachta chomhlachtaí INFRAFRONTIER ERIC ('Rialacha Nós Imeachta') ach gan a bheith teoranta dóibh sin;

(d) Formheas Bheartas Soláthair INFRAFRONTIER ERIC;

(e) Rúin maidir le leithreasú ioncam, lena n-áirítear tiomargadh cúlchistí;

(f) Formheas an chláir oibre eolaíoch bhliantúil;

(g) Formheas an ráitis airgeadais bhliantúil;

(h) Formheas an bhuiséid airgeadais bhliantúil a chuirfidh na Stiúrthóirí Bainistíochta isteach mura n-áirítear leis ranníocaíocht athraitheach ó na Comhaltaí le haghaidh na bliana airgeadais ar leith;

(i) Faomhadh Beartais um Chearta Maoine Intleachtúla;

(j) An Bord um Nóid Náisiúnta a bhunú agus aontachas/leanúint le Nóid Náisiúnta;

(k) Aontachas Breathnóirí agus/nó Comhpháirtithe Straitéiseacha nua; inneachar comhaontaithe comhpháirtíochta straitéisí; stádas Breathnóra agus/nó stádas Comhpháirtí Straitéisigh agus comhaontú comhpháirtíochta straitéisí gaolmhar a fhoirceannadh;

(l) Treoracha do na Stiúrthóirí Bainistíochta;

(m) Oifigeach corparáideach lánúdaraithe a cheapadh agus a aisghairm, a bhfuil sé de chumhacht aige ionadaíocht a dhéanamh thar ceann INFRAFRONTIER ERIC.

(12) Beidh sé de chumas ag Tionól na gComhaltaí cinneadh a dhéanamh má tá 2/3 ar a laghad dá Chomhaltaí i láthair, gan an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach (Córam) a áireamh.

(13) Ní áireofar staonadh ó vótáil mar vóta ar son an rúin ná mar vóta in aghaidh an rúin atá i gceist. I gcás comhionannas vótaí, brisfidh vóta an Stáit Óstaigh an comhionannas vótaí.

Airteagal 21

Stiúrthóirí Bainistíochta

(1) Beidh na Stiúrthóirí Bainistíochta i gceannas go comhpháirteach ar INFRAFRONTIER ERIC. Roghnófar na Stiúrthóirí Bainistíochta i bpróiseas poiblí trédhearcach.

(2) Ceapfaidh Tionól na gComhaltaí beirt Stiúrthóirí Bainistíochta ar INFRAFRONTIER ERIC, duine a bhfuil cúlra eolaíoch aige agus duine a bhfuil cúlra riaracháin aige. Beidh na Stiúrthóirí Bainistíochta freagrach go comhpháirteach as bainistiú foriomlán an bhonneagair le tacaíocht ó Oifig Bainistíochta INFRAFRONTIER ERIC. Rialaítear leithdháileadh na bhfreagrachtaí sna Rialacha Nós Imeachta.

(3) Beidh na Stiúrthóirí Bainistíochta ina n-ionadaithe dlíthiúla go comhpháirteach ar INFRAFRONTIER ERIC. Ullmhóidh na Stiúrthóirí Bainistíochta gach mórchinneadh straitéiseach agus buiséadach de chuid Thionól na gComhaltaí agus beidh siad freagrach as gach próiseas airgeadais agus rialachais lena gcoimeádtar barr feabhais agus sláine eolaíoch, inchomparáideacht thrasnáisiúnta agus idir-inoibritheacht ar bun. Go sonrach, tá na Stiúrthóirí Bainistíochta freagrach as bainistiú airgeadas INFRAFRONTIER ERIC, as comhlíonadh na gceanglas dlíthiúil a áirithiú agus as táirgí insoláthartha INFRAFRONTIER ERIC a áirithiú, go háirithe a mhéid a bhaineann le caighdeáin cháilíochta agus nósanna imeachta caighdeánacha oibríochta a shocrú. Beidh na Stiúrthóirí Bainistíochta freagrach as cinntí Thionól na gComhaltaí a chur chun feidhme.

(4) Mairfidh téarma na Stiúrthóirí Bainistíochta 3 (trí) bliana, tréimhse a fhéadfar a athnuachan faoi dhó.

Airteagal 22

An Bord um Nóid Náisiúnta

Is iad na Stiúrthóirí Bainistíochta a dhéanfaidh an Bord um Nóid Náisiúnta a thionól agus a dhéanfaidh cathaoirleacht air go rialta. Tiocfaidh an Bord um Nóid Náisiúnta le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad. Is sna Rialacha Nós Imeachta a leagfar amach cearta agus oibleagáidí lena rialaítear an Bord um Nóid Náisiúnta.

Airteagal 23

Coistí Comhairleacha Eolaíocha agus Eitice

(1) An Coiste Comhairleach Eolaíoch

Déanfaidh an Coiste Eolaíoch maoirseacht ar cháilíocht eolaíoch ghníomhaíochtaí INFRAFRONTIER ERIC agus soláthróidh sé comhairle a bhaineann leis sin do Thionól na gComhaltaí agus do na Stiúrthóirí Bainistíochta. Ceapfaidh Tionól na gComhaltaí, ag gníomhú dó ar thogra ó na Stiúrthóirí Bainistíochta, na comhaltaí den Choiste Comhairleach Eolaíoch. Ar an gCoiste Comhairleach Eolaíoch beidh 5 (cúigear) eolaí ar a mhéad ón earnáil phoiblí nó ón earnáil phríobháideach a bhfuil saineolas sinsearach acu i réimse na géanómaíochta feidhmiúla agus na gcóras samhla ainmhithe, na bithfhaisnéise agus bhainistiú an bhonneagair taighde ar mórscála. Feidhmeoidh comhalta amháin den Choiste Comhairleach Eolaíoch mar ionadaí úsáideora.

(2) Coiste Comhairleach Eitice

Cuirfidh an Coiste Comhairleach Eitice comhairle ar Thionól na gComhaltaí agus ar na Stiúrthóirí Bainistíochta maidir le gnéithe eiticiúla de chinntí atá le glacadh chomh maith le ceisteanna eiticiúla a eascraíonn ar leibhéal na hEorpa. Áiritheoidh an Coiste Comhairleach Eitice go gcomhlíonfar caighdeáin eiticiúla. Ceapfaidh Tionól na gComhaltaí, ag gníomhú dó ar thogra ó na Stiúrthóirí Bainistíochta, comhaltaí den Choiste Comhairleach Eitice. Ar an gCoiste Comhairleach Eitice beidh 3 (triúr) eolaí ón earnáil phoiblí nó ón earnáil phríobháideach a bhfuil saineolas sonrach acu i réimse an leasa ainmhithe agus na heitice.

(3) Gníomhaíonn comhaltaí na gCoistí Comhairleacha Eolaíocha agus Eitice faoi theideal pearsanta.

(4) Sonrófar sonraí maidir le hoibriú na gCoistí Comhairleacha Eolaíocha agus Eitice sna Rialacha Nós Imeachta.

Airteagal 24

Tuairisciú don Choimisiún

(1) Cuirfidh INFRAFRONTIER ERIC tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí ar fáil, ina mbeidh na gnéithe eolaíocha, oibríochtúla agus airgeadais dá chuid gníomhaíochtaí go háirithe. Formheasfaidh Tionól na gComhaltaí an tuarascáil agus tarchuirfear í chuig an gCoimisiún agus chuig na húdaráis phoiblí ábhartha laistigh de 6 mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais comhfhreagraí. Cuirfear an tuarascáil sin ar fáil go poiblí.

(2) Cuirfidh INFRAFRONTIER ERIC an Coimisiún ar an eolas faoi aon chúinse a d'fhéadfadh dochar tromchúiseach a dhéanamh do ghnóthú chúraimí INFRAFRONTIER ERIC nó bac a chur ar INFRAFRONTIER ERIC na ceanglais a leagtar síos i Rialachán ERIC a chomhlíonadh.

CAIBIDIL 4

Airgeadas

Airteagal 25

Acmhainní, prionsabail bhuiséadacha, buiséad agus cuntais

(1) Is éard a bheidh in acmhainní INFRAFRONTIER ERIC an méid seo a leanas: ranníocaíochtaí airgeadais Comhaltaí agus Breathnóirí agus acmhainní eile laistigh de theorainneacha agus faoi théarmaí arna bhformheas ag Tionól na gComhaltaí.

(2) Leanfaidh ranníocaíochtaí na gComhaltaí agus na mBreathnóirí na prionsabail seo a leanas:

(a) Is ranníocaíocht sheasta agus sciar athraitheach arna ríomh de réir Iarscríbhinn 2 a bheidh i ranníocaíocht airgeadais bhliantúil Chomhalta. Is é Tionól na gComhaltaí a chinnfidh méid foriomlán na ranníocaíochta seasta gach 5 bliana. Ní bheidh ranníocaíocht bhliantúil inathraithe ann ach amháin má tá an caiteachas atá beartaithe le bheith cumhdaithe ag ranníocaíochtaí na gComhaltaí sa bhuiséad bliantúil níos airde ná an ranníocaíocht sheasta agus má fhormheasann na Comhaltaí é sin i gcomhréir le hAirteagal 20.

(b) Íocfaidh gach Breathnóir leath coda, arna ríomh de réir Iarscríbhinn 2.

(3) Tosóidh bliain airgeadais INFRAFRONTIER ERIC an 1 Eanáir agus críochnóidh sí an 31 Nollaig gach bliain. Bliain ghiorraithe airgeadais a bheidh sa 1ú bliain airgeadais ag INFRAFRONTIER ERIC dar tús an dáta a ngabhfaidh éifeacht leis an gcinneadh ón gCoimisiún INFRAFRONTIER ERIC a bhunú.

(4) Beidh tuarascáil ar bhainistíocht bhuiséadach agus airgeadais na bliana airgeadais ag gabháil le cuntais INFRAFRONTIER ERIC .

(5) Beidh INFRAFRONTIER ERIC faoi réir cheanglais dhlí na tíre ina bhfuil a oifig chláraithe a mhéid a bhaineann le cuntais a ullmhú, a chomhdú, a iniúchadh agus a fhoilsiú.

(6) Ullmhóidh na Stiúrthóirí Bainistíochta dréachtbhuiséad airgeadais bliantúil agus dréachtchlár oibre eolaíoch bliantúil do gach bliain airgeadais lena gcumhdófar ioncam agus costais INFRAFRONTIER ERIC agus cuirfidh siad faoi bhráid Thionól na gComhaltaí é lena fhormheas ar bhonn bliantúil. Déanfar gach ioncam agus caiteachas de chuid INFRAFRONTIER ERIC a áireamh i meastacháin a tharraingeofar suas do gach bliain airgeadais agus taispeánfar iad sa bhuiséad. Ní foláir ioncam agus caiteachas a thaispeántar sa bhuiséad a bheith ar comhardú. Tá feidhm ag prionsabal na trédhearcachta maidir leis an mbuiséad a bhunú agus a chur chun feidhme agus maidir leis na cuntais a chur i láthair.

(7) Tar éis dheireadh na bliana airgeadais, ullmhóidh na Stiúrthóirí Bainistíochta an ráiteas airgeadais bliantúil. Áiritheoidh na Stiúrthóirí Bainistíochta go ndéanfar an ráiteas airgeadais bliantúil a iniúchadh ar bhonn seachtrach agus neamhspleách. Formheasfaidh Tionól na gComhaltaí an ráiteas airgeadais bliantúil iniúchta. Beidh ráiteas an iniúchóra ina chuid den tuarascáil don Choimisiún mar a shonraítear in Airteagal 24 (1) thuas.

(8) Áiritheoidh INFRAFRONTIER ERIC go n-úsáidfear gach leithreasú i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais.

(9) Ní fhéadfar cistí INFRAFRONTIER ERIC a úsáid ach amháin chun na gcríoch a leagtar síos sna Reachtanna. Ní fhéadfaidh comhaltaí INFRAFRONTIER ERIC scaireanna brabúis ná leithdháiltí eile a fháil ó chistí INFRAFRONTIER ERIC; ní fhéadfaidh INFRAFRONTIER ERIC sochar a sholáthar d'aon duine trí bhíthin caiteachas nach mbaineann leis an bpríomhchúram ná le haon luach saothair atá díréireach ard.

(10) Déanfaidh INFRAFRONTIER ERIC costais agus ioncaim a ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a thaifeadadh ar leithligh.

CAIBIDIL 5

Cáin

Airteagal 26

Díolúine ó cháin agus ó dhleacht mháil

(1) Díolúintí CBL bunaithe ar Airteagal 143(1)(g) agus Airteagal 151(1)(b) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle agus i gcomhréir le hAirteagail 50 agus 51 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle, beidh siad teoranta do cheannacháin earraí nó seirbhísí a dhéanfaidh INFRAFRONTIER ERIC agus comhaltaí ERIC, mar a shainítear in Airteagal 9(1) de Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2009 maidir le creat dlíthiúil an Chomhphobail maidir le Cuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach (ERIC), atá le húsáid go hoifigiúil agus go heisiach ag INFRAFRONTIER ERIC, ar choinníoll go ndéanfar ceannachán den sórt sin le haghaidh ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha INFRAFRONTIER ERIC i gcomhréir lena ghníomhaíochtaí agus lena n-aghaidh sin amháin.

(2) Beidh díolúintí CBL teoranta do cheannacháin ar mó a luach ná EUR 300.

(3) Díolúintí ó Dhleacht Mháil bunaithe ar Airteagal 12 de Threoir 2008/118/CE ón gComhairle, beidh siad teoranta do cheannacháin a dhéanfaidh INFRAFRONTIER ERIC atá le húsáid go hoifigiúil agus go heisiach ag INFRAFRONTIER ERIC, ar choinníoll go ndéanfar ceannachán den sórt sin le haghaidh ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha INFRAFRONTIER ERIC i gcomhréir lena ghníomhaíochtaí, agus lena n-aghaidh sin amháin, agus gur mó luach an cheannacháin ná EUR 300.

(4) Ní chumhdaítear ceannacháin a dhéanfaidh na baill foirne leis na díolúintí

CAIBIDIL 6

Beartais Eile

Airteagal 27

Beartas um Shonraí

(1) Tabharfar tús áite do phrionsabail Foinse Oscailte agus Rochtana Oscailte i gcoitinne.

(2) Soláthróidh INFRAFRONTIER ERIC treoraíocht d'úsáideoirí (lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí shuíomh gréasáin) chun a áirithiú go ndéanfar an taighde a dhéanfar agus úsáid á baint as ábhar a chuirtear ar fáil trí INFRAFRONTIER ERIC laistigh de chreat a aithníonn cearta na n-úinéirí sonraí agus príobháideachas an duine aonair.

(3) Áiritheoidh INFRAFRONTIER ERIC go n-aontóidh úsáideoirí leis na téarmaí agus na coinníollacha lena rialaítear rochtain agus go bhfuil socruithe slándála oiriúnacha i bhfeidhm maidir le stóráil agus láimhseáil inmheánach.

(4) Saineoidh INFRAFRONTIER ERIC socruithe chun líomhaintí maidir le sáruithe slándála agus nochtuithe rúndachta maidir le sonraí taighde a imscrúdú.

CAIBIDIL 7

Forálacha Críochnaitheacha

Airteagal 28

An Dlí is Infheidhme

Rialófar INFRAFRONTIER ERIC, le tosaíocht

(a) le dlí an Aontais Eorpaigh, go háirithe Rialachán ERIC;

(b) i gcás nithe nach rialaítear, nó nach rialaítear ach go páirteach, le dlí an Aontais Eorpaigh, le dlí an stáit ina bhfuil a oifig chláraithe ag INFRAFRONTIER ERIC d'eisiamh a easaontachtaí dlíthe agus Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Conarthaí faoi Dhíol Idirnáisiúnta Earraí (CISG);

(c) leis na Reachtanna seo agus a rialacha cur chun feidhme.

Airteagal 29

Díospóidí

(1) Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i dtaca le dlíthíocht i measc na gComhaltaí maidir le INFRAFRONTIER ERIC, idir Comhaltaí agus INFRAFRONTIER ERIC, agus i dtaca le haon dlíthíocht lena bhfuil an tAontas ina pháirtí.

(2) Beidh feidhm ag reachtaíocht an Aontais maidir le dlínse i ndáil le díospóidí idir INFRAFRONTIER ERIC agus tríú páirtithe. I gcásanna nach gcumhdaítear le reachtaíocht an Aontais, is faoi dhlí an Stáit ina bhfuil oifig chláraithe INFRAFRONTIER ERIC a chinnfear an dlínse inniúil chun na díospóidí sin a réiteach.

Airteagal 30

Nuashonruithe ar reachtanna agus infhaighteacht reachtanna

Coinneofar na Reachtanna cothrom le dáta agus beidh siad ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin INFRAFRONTIER ERIC agus ag an oifig chláraithe.

Airteagal 31

Forálacha maidir le Bunú

(1) Gairfidh an Ballstát Óstach cruinniú bunreachtúil de Thionól na gComhaltaí laistigh de 3 (trí) mhí tar éis theacht i bhfeidhm an chinnidh ón gCoimisiún INFRAFRONTIER ERIC a bhunú.

(2) Tabharfaidh an Ballstát óstach fógra do na Comhaltaí bunaidh faoi aon ghníomhaíocht dhlíthiúil phráinneach shonrach is gá a dhéanamh thar ceann INFRAFRONTIER ERIC sula dtionólfar an cruinniú bunreachtúil. Mura rud é go ndéanann Comhalta bunaidh agóid laistigh de 5 lá féilire tar éis í a thabhairt faoi deara, déanfaidh duine arna údarú go cuí ag an Stát Óstach an ghníomhaíocht dhlíthiúil.

Airteagal 32

Nithe ilghnéitheacha

(1) Is é an Béarla an teanga oibre a bheidh ag INFRAFRONTIER ERIC.

(2) Is é dlí an stáit ina bhfuil oifig chláraithe INFRAFRONTIER ERIC a rialóidh imeachtaí dócmhainneachta.

IARSCRÍBHINN 1

Liosta de Chomhaltaí, de Bhreathnóirí agus dá n-eintitis a bhfuil ionadaíocht á déanamh acu ina leith

Tír nó Eagraíocht Idir-Rialtasach	Eintiteas a bhfuil Ionadaíocht á déanamh aige ina leith
POBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE	An Aireacht Chónaidhme Oideachais agus Taighde (BMBF)
POBLACHT NA FRAINCE	An Aireacht Ardoideachais agus Taighde
POBLACHT NA SEICE	An Aireacht Oideachais, Óige agus Spóirt (MEYS)
POBLACHT NA FIONLAINNE	An Aireacht Oideachais agus Chultúir
AN PHOBLACHT HEILLÉANACH	Ionad Taighde 'Alexander Fleming' ar na hEolaíochtaí Bithleighis
RÍOCHT NA SUALAINNE	Karolinska Institutet

IARSCRÍBHINN 2

Iarscríbhinn airgeadais

Is ranníocaíocht sheasta agus — faoi chúinsí a thuairiscítear in Airteagal 25 — sciar athraitheach a bheidh i ranníocaíocht airgeadais bhliantúil Chomhalta. Ní bheidh i ranníocaíocht airgeadais bhliantúil Breathnóra ach ranníocaíocht sheasta.

Socraítear méid foriomlán na ranníocaíochta seasta ag EUR 650 000 (sé chéad caoga míle) sa bhliain don tréimhse tosaigh 5 bliana. Vótálfaidh Tionól na gComhaltaí d'aon ghuth as sin go ceann tréimhse 5 bliana.

Is mar a leanas a bheidh an modh ríofa maidir leis an ranníocaíocht airgeadais in aghaidh an Chomhalta/an Bhreathnóra:

(1) Roinnfear méid foriomlán na ranníocaíochta seasta ina chodanna comhionanna. Braitheann líon na gcodanna ar líon na gComhaltaí agus na mBreathnóirí agus ar a bhfeidhm laistigh de INFRAFRONTIER ERIC.

Comhaltaí nach ndéanann a Nóid Náisiúnta ach seirbhísí cartlainne agus dáileacháin samhlacha luiche (stór), ní íocfaidh siad ach ceann amháin de na codanna comhionanna. Comhaltaí nach ndéanann a Nóid Náisiúnta ach seirbhísí cartlainne agus dáileacháin samhlacha luiche (stór) agus feinitíopála luiche (clinic), ní íocfaidh siad ach dhá cheann de na codanna comhionanna.

Déanfaidh comhaltaí nach bhfuil aon Nód Náisiúnta acu cuid amháin ar a laghad a ranníoc.

Íocfaidh gach Breathnóir leath coda.

Ina theannta sin, ranníocfaidh Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, mar an Stát Óstach, 4 (ceithre) chuid den ranníocaíocht sheasta fhoriomlán.

Taispeántar sa tábla seo a leanas ranníocaíochtaí seasta na gComhaltaí bunaidh ainmnithe agus na mBreathnóirí Bunaidh:

Comhalta Bunaidh	Líon na gcodanna	Ranníocaíocht Sheasta (€)
POBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE	6	300 000
POBLACHT NA FRAINCE	2	100 000
POBLACHT NA SEICE	2	100 000
POBLACHT NA FIONLAINNE	1	50 000
AN PHOBLACHT HEILLÉANACH	1	50 000
RÍOCHT NA SUALAINNE	1	50 000
Breathnóir Bunaidh (duine ar bith)	-	-
Iomlán	13	650 000

(2) I gcásanna inar mó an caiteachas beartaithe ná méid foriomlán na ranníocaíochta seasta, agus nach féidir le hioncaim eile méid an tsáraithe sin a sheasamh, féadfaidh na Stiúrthóirí Bainistíochta a mholadh go gcumhdófar an caiteachas sáraithe sin le sciar athraitheach a bheidh le híoc ag na Comhaltaí. Roinnfear méid foriomlán na scaire athraithí sin i measc na gComhaltaí mar a thuairiscítear sa mhír roimhe seo.

(3) Déanfar ranníocaíochtaí na gComhaltaí nó na mBreathnóirí a thagann ar bord níos déanaí le linn na tréimhse tosaigh 5 bliana nó le linn na tréimhse 5 bliana ina dhiaidh sin a chinneadh de réir na bprionsabal céanna a luaitear san Iarscríbhinn seo, Iarscríbhinn 2. Déanfar ranníocaíochtaí na gComhaltaí agus na mBreathnóirí a oiriúnú dá réir an bhliain féilire dár gcionn.

(4) Gheobhaidh INFRAFRONTIER ERIC na codanna ar leith den ranníocaíocht sheasta 2 mhí ar a dhéanaí tar éis thús na bliana airgeadais de réir Airteagal 25 (3) thuas. Ní mór cion an sciar athraithigh a bheith faighte ag INFRAFRONTIER ERIC ar iarrataí a íoc arna n-eisiúint ag INFRAFRONTIER ERIC agus laistigh den mhoill a fógraíodh san iarraidh shonrach ar íocaíocht (ní bheidh moill níos giorra ná 4 (ceithre) seachtaine i gceist).